ncse

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Eolas do Thuismitheoirí/ Chaomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga Bodhra agus Lagéisteachta

I dtús báire ...

Gach bliain tagann thart ar 100 leanbh a bhfuil caillteanas buan éisteachta acu ar an saol in Éirinn. Is féidir leis an gcaillteanas éisteachta a bheith i gcluas amháin (aontaobhach) nó sa dá chluais (déthaobhach). Bíonn an leibhéal éisteachta éadrom, measartha, trom nó tromchúiseach.

Conas a fhaightear amach go bhfuil caillteanas éisteachta ag do leanbh nó do pháiste óg?

Faightear amach faoin mbodhaire nó faoin gcaillteanas éisteachta trí na seiceálacha forbartha leanaí a dhéanann an banaltra sláinte poiblí ar gach leanbh in Éirinn san ionad sláinte áitiúil nuair atá 9 mí, 18 mí agus dhá bhliain slánaithe acu.

Tá **triail scagtha éisteachta** á tabhairt isteach sna hospidéil mháithreachais in Éirinn agus beidh siad ar fáil go luath do gach leanbh a thagann ar an saol in Éirinn (lena n-áirítear breitheanna sa bhaile agus in ospidéil phríobháideacha). Bíonn caillteanas buan éisteachta ag roinnt leanbh go gairid tar éis teacht ar an saol. D'fhéadfadh sé sin tarlú mar gheall ar ghéineolaíocht, ar thráma nó ar ghalair leanaí (mar shampla meiningíteas).

Más ábhar imní duit éisteacht do linbh, mar shampla, ní fhreagraíonn do leanbh do thorann, ní mór duit sin a chur in iúl don bhanaltra sláinte poiblí nó don dochtúir atá agat.

Conas tacaíocht a fháil

Má fhaightear amach go bhfuil caillteanas éisteachta ag do pháiste ní mór an tacaíocht atá ar fáil duit a lorg láithreach bonn. D'fhéadfaí tacaíocht a fháil ón teaghlach agus ó chairde, ón mbanaltra sláinte poiblí agus ón dochtúir, ó sheirbhísí do leanaí Bodhra[1] agus eagraíochtaí deonacha, ó mhúinteoir cuartaíochta áitiúil do leanaí Bodhra agus Lagéisteachta; agus ó thuismitheoirí/chaomhnóirí leanaí Bodhra agus Lagéisteachta eile.

Má tá páiste Bodhar nó Lagéisteachta agat tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas gur féidir leo lántaitneamh a bhaint as an saol. Faigheann siad tacaíocht ar scoil agus éiríonn go geal leo agus leanann siad ar aghaidh sa bhreisoideachas nó san ardoideachas.

An rud is mó is féidir a dhéanamh, mar thuismitheoir, ná rochtain luath ar theanga a chur ar fáil do do pháiste: teanga

1 Is é an sainmhíniú a thugann Cumann Bodhar na hÉireann (IDS) ar an bpobal bodhar ná grúpa daoine a fheiceann an domhan trí bhéim a leagan ar ionchur amhairc agus cinéistéiseach. Úsáidtear an cur síos seo ar 'Bodhar' de ghnáth do dhaoine atá bodhar nuair a thagann siad ar an saol nó má tharlaíonn sé dóibh go moch sa luathóige. Aithnítear sa sainmhíniú seo grúpa cultúrtha, sóisialta agus teangeolaíochta agus léirítear go minic é le 'D' mór. (http://www.Deaf.ie). Sa phaimphléad seo, úsáidtear an téarma 'Bodhar' chun gach duine Bodhar a chur san áireamh.

chomharthaíochta, teanga labhartha nó an dá cheann. Tá sé sin ríthábhachtach don pháiste chun a lánchumas a bhaint amach. Tá sé tábhachtach go ndéantar cumarsáid leis an bpáiste ón tús a mhéid is féidir trí ghothaí gnúise, trí chomharthaíocht láimhe agus trí ghothaí. Is mar sin a foghlaimíonn do pháiste conas cumarsáid a dhéanamh agus conas teanga a fhorbairt a luaithe is féidir i dtimpeallacht nádúrtha. Tá an rochtain luath sin ar theanga an-tábhachtach d'fhorbairt do pháiste agus beidh sé ina chabhair mhór síos an bóthar agus iad ag tabhairt aghaidh ar an léitheoireacht, an scríbhneoireacht agus ar uimhreacha ar scoil.

Seirbhísí oideachais atá ar fáil do do pháiste

Faigheann do pháiste Bodhar nó Lagéisteachta tacaíocht ón gcóras oideachais mar a leanas:

Luath-idirghabháil

Tá sé thar a bheith tábhachtach do leanaí Bodhra agus Lagéisteachta tacaíocht a fháil a luaithe is féidir sa saol. Cabhróidh sin lena bhforbairt chognaíoch tríd is tríd chomh maith lena dteanga líofa a fhorbairt. Beidh sé níos fusa dá bharr orthu scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt níos déanaí sa luathóige. Cuireann an Stát cúnamh ar fáil d'áit réamhscolaíochta atá saor in aisce do gach páiste incháilithe sa bhliain díreach roimh thosú ar scoil dóibh.

Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta

Má mheastar go bhfuil caillteanas éisteachta suntasach ag do pháiste, cuirfear ar aghaidh iad chuig Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) ar fáil. Oibríonn múinteoirí cuartaíochta le leanaí Bodhra agus Lagéisteachta agus lena dteaghlaigh ón tráth a dtugtar an caillteanas éisteachta faoi deara. Cuireann siad comhairle agus tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí chomh maith le leanaí réamh-scolaíochta a theagasc sa bhaile. Leagann siad béim ar leith ar fhorbairt teanga, idir theanga labhartha nó comharthaíochta. Cuireann siad teagasc ar fáil chomh maith do leanaí Bodhra agus Lagéisteachta i scoileanna agus comhairle agus tacaíocht dá múinteoirí. Déanann siad monatóireacht ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag do pháiste sa naíonra agus ar scoil.

Scéim Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL)

Déanann an DES foráil chun go múintear Teanga Chomharthaíochta na hÉireann do leanaí Bodhra agus Lagéisteachta agus dá dteaghlaigh sa bhaile. Tá an múinteoir cuartaíochta in ann an t-eolas ar fad faoin scéim a chur ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí.

Ag dul ar scoil

Freastalaíonn an chuid is mó de leanaí Bodhra agus Lagéisteachta ar bhunscoileanna agus ar mheánscoileanna príomhshrutha áitiúla. Freastalaíonn roinnt díobh ar ranganna nó scoileanna do leanaí Bodhra nó Lagéisteachta. Bíonn na ranganna sin ar fáil i roinnt bunscoileanna agus meánscoileanna príomhshrutha ar fud na tíre. Tá trí scoil ann chomh maith do leanaí Bodhra, dhá scoil atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus ceann amháin i gcathair Luimnigh. Tá líon níos lú daltaí rollaithe sna ranganna do leanaí Bodhra agus Lagéisteachta.

Tá do mhúinteoir cuartaíochta agus d'eagraí riachtanas speisialta oideachais in ann comhairle a thabhairt duit maidir le socrúchán réamhscoile agus scoile do do pháiste. Ar scoil, gheobhaidh do pháiste an tacaíocht a leanas:

- Tugann an múinteoir ranga tacaíocht do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus féadfaidh siad na ceachtanna nó na tascanna a chur in oiriúint, de réir mar is gá.
- Beidh múinteoirí tacaíochta nó acmhainne ar fáil chun tacaíocht bhreise mhúinteoireachta a chur ar fáil, más gá sin.
- Beidh rochtain ag daltaí a bhfuil riachtanais shuntasacha acu de bharr caillteanas éisteachta ar thacaíocht ó chúntóirí riachtanas speisialta (SNAanna). Fostaítear SNAanna chun freastal ar na riachtanais chúraim atá ag leanaí fad atá an múinteoir freagrach as an páiste a mhúineadh.
- Cuirtear Teicneolaíocht Chúnta ar fáil, mar shampla, córas réimse fuaime nó córas pearsanta FM, más gá.
- Tá Scéim Speisialta Iompair ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu atá ag freastal ar an scoil phríomhshrutha aitheanta is cóngaraí, nó an rang speisialta nó an scoil speisialta ar féidir acmhainní a chur ar fáil iontu chun freastal ar a riachtanais.

Seirbhísí sláinte atá ar fáil do do pháiste

Cuireann an córas sláinte tacaíocht ar fáil do do pháiste bodhar nó lagéisteachta trí na bealaí a leanas:

Éisteolaíocht

Más ábhar imní duit éisteacht do pháiste cuirfear ar aghaidh chuig **éisteolaí** tú a dhéanfaidh scrúdú éisteachta. Léirítear leibhéil chaillteanas éisteachta do pháiste ar ghraf ar a dtugtar **closghram**. Léiríonn sé sin cé chomh hard ar cheart fuaim a bheith (arna tomhas i ndeicibeil) agus cén minicíocht/tuinairde ar chóir a bheith aici chun gur féidir le do pháiste í a chloisteáil.

Sainmhínítear **leibhéil chaillteanais éisteachta** tríd is tríd mar a leanas:

Éadrom:	24 - 40 deicibeil
Measartha:	41 - 70 deicibeil
Trom:	71 - 95 deicibeil
Tromchúiseach:	95+ deicibeil

Foinse: Athbhreithniú Náisiúnta Éisteolaíochta FSS, 2011

Déanfaidh an t-éisteolaí measúnú ar do pháiste cibé ar ghá dó áis éisteachta a fháil agus tabharfaidh siad comhairle maidir leis an gceann is fearr. Roghnóidh sé/sí áiseanna éisteachta digiteacha nua-aimseartha agus déanfaidh siad iad a oiriúnú agus déanfaidh siad monatóireacht ar éisteacht do pháiste lena chinntiú go bhfuil na háiseanna éisteachta oiriúnach.

Féadfaidh an t-éisteolaí tú a chur ar aghaidh chuig **comhairleoir don chluais, don tsrón nó don scórnaigh** a dhíríonn ar choinníollacha cluaise, sróine agus scórnaí a dhiagnóisiú agus a chóireáil go máinliach.

D'fhéadfaí do pháiste a chur ar aghaidh le hiad a mheasúnú **d'ionchlannán cochla (CI)**. Is feistí leictreonach é ionchlannán cochla a ionchlannaítear go máinliach agus a thugann rochtain ar fhuaimeanna do dhuine a bhfuil caillteanas éisteachta idir trom agus tromchúiseach acu, cé nach dtugann sé éisteacht iomlán ar ais don duine.

Féadfar do pháiste a chur ar aghaidh chuig péidiatraí forbraíochta chun measúnú a dhéanamh ar an bhforbairt ghinearálta nó chuig **oftailmeolaí** chun an radharc a sheiceáil.

Teiripe Urlabhra agus Teanga

Tá baol níos mó ann go mbeidh deacracht ag leanaí bodhra agus lagéisteachta scileanna cumarsáide a fhorbairt. Ba cheart teiripeoir urlabhra agus teanga a fháil chun monatóireacht a dhéanamh ar na leanaí nuair a bhíonn siad óg i dtreo is go mbeadh siad in ann idirghabháil iomchuí a dhéanamh, más gá, ar bhealach tráthúil. Oibríonn teiripeoirí urlabhra agus teanga i réimsí timpeallachtaí lena n-áirítear ionaid chúraim an phobail, ospidéil, scoileanna, eagraíochtaí deonacha srl.

Teagmhálacha úsáideacha

Tá eolas breise ar fáil sa leabhrán eolais atá ag an NCSE do thuismitheoirí/chaomhnóirí ***Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu***. Tá sé ar fáil ó d'Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais áitiúil nó ó láithreán gréasáin NCSE www.ncse.ie.

Is féidir sonraí teagmhála d'Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais áitiúil a fháil ón scoil nó ó láithreán gréasáin NCSE www.ncse.ie.

Is féidir sonraí teagmhála do mhúinteora chuartaíochta agus na sonraí do scéim tacaíochta ISL a fháil ó:

An Rannán don Oideachas Speisialta,
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.
Teil: 090 6484187 / 4166
Láithreán Gréasáin: http://www.education.ie

An Clár um Ionchlannáin Chochla Péidiatraicigh: 01 809 2013
SMS: 087 953 5423. Rphost: cochlearimplant@beaumont.ie

Téigh i dteagmháil le d'ionad sláinte áitiúil chun eolas a fháil ar na seirbhísí sláinte. Tá sonraí teagmhála ar fáil ag www.hse.ie.

Eagraíochtaí tacaíochta

Institiúid Chaitliceach na mBodhar: http://www.cidp.ie
DeafHear: http://www.deafhear.ie
Cumann Bodhar na hÉireann: http://www.irishdeafsociety.ie
Cumann Lagéisteachta na hÉireann: http://www.ihha.ie
Bodhair na hÉireann – ar líne: http://www.irishdeaf.com
Leanaí Bodhra na hÉireann: http://www.irishdeafkids.ie
Ionad Oideachais na mBodhar: www.deafeducation.ie
Ionad Staidéir na mBodhar, Coláiste na Tríonóide:
http://www.tcd.ie/slscs/cds
Cumann Náisiúnta do Leanaí Bodhra (Ríocht Aontaithe):
http://www.ndcs.org.uk
Sharing the Journey: http://www.sharingthejourney.ie

Tabhair faoi deara go bhfuil na heagraíochtaí seo liostaithe chun críocha faisnéise agus sin amháin. B'fhéidir nach raibh baint ar bith ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta leis na heagraíochtaí seo, nach bhfuil aon smacht aici ar an eolas a scaipeann siad nó nach féidir léi iad a dheimhniú nó a bhfoireann a dheimhniú. Ba cheart do thuismitheoirí cinntiú iad féin maidir le cé chomh hiomchuí agus atá sé aon eolas faoina leanaí a chur ar fáil do thríú páirtí.

Tá sé i gceist ag an bpaimphléid seo tuismitheoirí agus caomhnóirí a chur ar an eolas faoi na tacaíochtaí agus na seirbhísí atá ar fáil do leanaí atá Bodhar nó do leanaí lagéisteachta agus dá dteaghlaigh.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí.
Teil: 046 948 6400 Gréasán: www.ncse.ie Rphost: info@ncse.ie